Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14459/24**

**CLIMA 355**
**ENV 996**
**ONU 115**
**DEVGEN 147**
**ECOFIN 1140**
**ENER 502**
**MAR 159**
**AVIATION 138**
**ICAO 44**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14218/24 |
| Ábhar: | Ullmhúcháin don 29ú Comhdháil de na Páirtithe (COP29) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)<br>(Baki, an 11 go dtí an 22 Samhain 2024)<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 4050ú cruinniú dá cuid, an 14 Deireadh Fómhair 2024.

**Ullmhúcháin don 29ú Comhdháil de na Páirtithe (COP29) de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)**

**(Baki, an 11 go dtí an 22 Samhain 2024)**

- Conclúidí ón gComhairle -

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

A PHRÁINNÍ ATÁ SÉ GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

1. LEAGANN SÍ BÉIM ar an bhfíoras gur bagairt eisiach é an t-athrú aeráide ar an gcine daonna, ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, agus ar an tsíocháin agus an tslándáil, agus nach ndéanann sé aon tír, aon chríoch ná aon réigiún a spáráil; CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL MÓR IMNÍ DI déine agus minicíocht mhéadaitheach na dteagmhas adhaimsire ar fud an domhain, lena n-áirítear tonnta teasa, falscaithe, triomach agus tuilte; DEARBHAÍONN SÍ GUR OTH LÉI tionchar an mhéid sin ar shláinte an duine, ar an mbithéagsúlacht, ar éiceachórais talún agus mhuirí agus ar líon na mbásanna atá ag dul i méid; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a fhíorphráinní atá sé an fhreagairt dhomhanda ar an éigeandáil aeráide a neartú le linn na 10 mbliana criticiúla seo trí ghníomhaíocht uaillmhianach fheabhsaithe mhaolúcháin agus oiriúnúcháin ó gach tír i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras, a rannchuidíonn le daoine, slite beatha, an geilleagar, an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint.

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá aistriú gasta domhanda chuig geilleagair agus sochaithe atá aeráidneodrach, athléimneach, dearfach ó thaobh an dúlra de, ciorclach agus tíosach ar acmhainní, lena soláthraítear poist nua cuibhiúla agus fás ar fud an domhain. Ní mór an t-aistriú sin a dhéanamh ar luas agus ar scála atá i gcomhréir leis an sprioc an téamh domhanda a choinneáil go 1.5 °C, agus ní mór dó a bheith cóir agus cuimsitheach, cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn agus a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ AG SÚIL le bheith ag obair lena comhpháirtithe domhanda chun deiseanna a thapú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin le linn an aistrithe.

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar na deiseanna agus na comhshochair a bhaineann le gníomhaíocht uaillmhianach ar son na haeráide, ní hamháin don phláinéad agus don gheilleagar domhanda ach do dhaoine freisin, ó thaobh caighdeáin mhaireachtála níos fearr, sláinte, slándáil fheabhsaithe uisce, córais inbhuanaithe bhia, agus praghsanna inacmhainne fuinnimh de. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir le gach sochaí tairbhe a bhaint as aistriú glas atá cóir agus cothrom chuig samhail eacnamaíoch ghlas nua, agus an t-iomaíochas eacnamaíoch á chaomhnú agus an chuimsitheacht shóisialta á cur chun cinn ag an am céanna trí infheistíocht a dhéanamh san oideachas, san eolaíocht, sa nuálaíocht agus i bpoist agus scileanna glasa. MEABHRAÍONN SÍ gur mó i bhfad costas na heaspa gníomhaíochta ná an costas a bhaineann le conairí aistrithe atá ordúil agus cóir. ATHDHEARBHAÍONN SÍ thairis sin go bhfuil dlúthnasc idir cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa.

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart do na Páirtithe uile, agus gníomhaíocht á déanamh acu chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, a n-oibleagáidí a chosaint, a urramú, a chur chun cinn agus a mheabhrú a mhéid a bhaineann le cearta an duine, an ceart chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe, cearta na bpobal dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach iad, agus cearta pobal áitiúil, imirceach, leanaí agus daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus daoine atá i staideanna leochaileacha, chomh maith leis an gcomhionannas inscne, cumhachtú na mban agus na gcailíní agus an chothroime idirghlúine. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ obair an Rapóirtéara Speisialta maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint i gcomhthéacs an athraithe aeráide. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá rannpháirtíocht agus rannchuidiú fóinteach an phobail agus a rochtain ar fhaisnéis, lena n-áirítear i gcás na sochaí sibhialta, daoine óga agus gach páirtí leasmhar, chun an ceartas sóisialta, an chothroime agus an chuimsitheacht a chur chun cinn san aistriú domhanda i dtreo pláinéad aeráidneodrach athléimneach. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí do na luachanna sin.

5. AITHNÍONN SÍ an t-idirspleáchas idir cailliúint na bithéagsúlachta, an t-athrú aeráide, an truailliú agus an díghrádú talún; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an imní atá orainn faoina thromchúisí agus a phráinní atá géarchéim thriarach phláinéadach an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe, atá fite fuaite le chéile agus a threisíonn a chéile, chomh maith leis an ngaineamhlú, an díghrádú talún, ithreach agus aigéin, ganntanas uisce, tuilte, triomach agus an dífhoraoisiú, ar bagairt dhomhanda iad ar an bhforbairt inbhuanaithe. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí tiomanta aghaidh a thabhairt ar na héigeandálaí sin ar bhealach éifeachtach comhtháite comhleanúnach ina gcuimsítear straitéisí a théann chun tairbhe do gach taobh agus coimircí láidre sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear trí réitigh dhúlrabhunaithe, chaomhnú na bithéagsúlachta agus athchóiriú éiceachóras; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé comhbhabhtálacha a íoslaghdú, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáid talún agus bithmhaise; DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ AN-TIOMANTA Comhaontú Pháras agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme sa chaoi is go dtacaíonn siad go frithpháirteach le chéile, agus neodracht dhomhanda ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach, agus IARRANN SÍ go mbeadh comhar níos fearr agus níos dlúithe agus sineirgí neartaithe ann idir an méid sin agus comhaontuithe iltaobhacha eile.

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, an 29ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus an 16ú cruinniú de Chomhdháil na Páirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac mar dheis ar leith do Choinbhinsiúin Rio tacú go frithpháirteach le chéile agus le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus lena Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus TACAÍONN SÍ leis an gcomhar feabhsaithe ar an leibhéal náisiúnta maidir le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta, pleananna oiriúnaithe náisiúnta um an athrú aeráide agus straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta um an mbithéagsúlacht agus le hobair Ghrúpa Comhpháirteach Idirchaidrimh Choinbhinsiúin Rio d’fhonn féachaint ar na roghanna atá ann le haghaidh obair chomhpháirteach idir na Coinbhinsiúin.

7. MEASANN SÍ gur cloch mhíle ríthábhachtach é an Cruinniú Mullaigh don Todhchaí le haghaidh an chórais iltaobhaigh agus chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí idirnáisiúnta atá á ndéanamh chun céimeanna nithiúla a thabhairt chun na dúshláin agus na deiseanna atá ag teacht chun cinn anois agus a thiocfaidh amach anseo a fhreagairt, ar mhaithe leis an gcine daonna go léir agus leis na glúine atá le teacht, lena n-áirítear an t-ollstruchtúr domhanda airgeadais a athchóiriú chun na deacrachtaí tromchúiseacha a bhíonn ag tíortha atá i mbéal forbartha go háirithe a fhreagairt, mar shampla leochaileachtaí fiachais, boilsciú agus tionchair an athraithe aeráide, agus sainorduithe agus próisis na n-institiúidí idirnáisiúnta airgeadais á n-urramú ag an am céanna.

8. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL MÓR IMNÍ DI an díobháil atá á déanamh don aeráid agus don chomhshaol, chomh maith le fulaingt ollmhór an duine, mar gheall ar choinbhleachtaí armtha atá ar siúl ar fud an domhain faoi láthair agus an baol a bhaineann leo don ghníomhaíocht éifeachtach dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thriarach phláinéadach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbíonn éifeachtaí tánaisteacha tromchúiseacha ag an gcogaíocht ar fhuinneamh agus ar shlándáil bia, anuas ar an mbonn a bhaint den tslándáil agus den chobhsaíocht dhomhanda, agus nach mór don chomhphobal idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt uirthi go práinneach agus go cinntitheach. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go fíorghéar an cáineadh a rinneadh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ní hamháin toisc gur sárú follasach é ar an dlí idirnáisiúnta arb é is cúis le bás líon ollmhór daoine agus le héifeachtaí díobhálacha sláinte, lena n-áirítear i gcás sibhialtach, ach freisin toisc go ndéanann sé díobháil láithreach don dúlra agus díghrádú fadtéarmach ar an gcomhshaol, toisc gur baol don tsábháilteacht núicléach é, agus toisc go gcuireann sé moill ar an ngníomhaíocht a bhfuil géarghá léi maidir leis an athrú aeráide. AGUS AIRD Á TABHAIRT AR chuntasacht na Rúise faoin dlí idirnáisiúnta as aon damáiste a rinne a fogha faoin Úcráin, molann sí bunú Chlár an Damáiste don Úcráin agus na hullmhúcháin leanúnacha atá á ndéanamh do choimisiún éileamh, mar an chéad chéim i dtreo sásra lánfheidhme chun an Úcráin a chúiteamh as damáiste cogaidh a rinne fogha na Rúise, lena n-áirítear damáiste don chomhshaol. ATHDHEARBHAÍONN SÍ freisin gur cúis mhór imní di an méid a tharla le déanaí sa Mheánoirthear, mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl.

9. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí a bhí an Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) mar rannchuidiú leis an gcríoch dhearfach a bhí leis an gcéad Athbhreithniú Domhanda. LEAGANN SÍ BÉIM ar ábharthacht beartais na measúnuithe a rinneadh sa tuarascáil sin ar réitigh le haghaidh gníomhaíochta agus LEAGANN SÍ BÉIM THAIRIS SIN ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh meithleacha uile IPCC táirgí na tuarascála a sholáthar go tráthúil sa Seachtú Timthriall Measúnachta le haghaidh an dara Athbhreithniú Domhanda, ós rud é go bhfuil an eolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil ina bunchloch i gcónaí don ghníomhaíocht ar son na haeráide.

LE BHEITH RATHÚIL I MBAKI

10. IARANN SÍ go mbeadh toradh uaillmhianach cothrom i mBaki (i) a choinneoidh an sprioc teochta 1.5 °C insroichte, i bhfianaise na heolaíochta is fearr atá ar fáil, go háirithe na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), (ii) a chuirfidh ar aghaidh muid go léir i dtreo athléimneacht fhadtéarmach, agus (iii) a chomhaontóidh sprioc nua chomhchoiteann chainníochtaithe (SNCC) éifeachtach, insroichte agus uaillmhianach.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI an 'Treochlár do Mhisean 1.5 °C' atá le tabhairt ar aghaidh ag Uachtaránachtaí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, na hAsarbaiseáine agus na Brasaíle ar COP (an Triúracht) agus iarrann sí ar an Triúracht as a gceannaireacht leanúnach maidir le héascú a dhéanamh ar NDCanna níos uaillmhianaí atá ailínithe leis an sprioc teochta 1.5 °C, lena bhfeabhsófar móiminteam polaitiúil agus lena gcuirfear uaillmhian chun cinn ar fud rianta éagsúla Chomhaontú Pháras, bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá cur le gach gné de chinneadh an athbhreithnithe dhomhanda agus iad a chur chun feidhme i dteannta a chéile agus iad a léiriú i ngach sruth oibre ábhartha faoi Chomhaontú Pháras. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór cinneadh an athbhreithnithe dhomhanda a chur chun feidhme go háirithe sa bhabhta de NDCanna atá ar na bacáin, chomh maith le hidirphlé bliantúil an athbhreithnithe dhomhanda, idirphlé Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Clár Oibre um Maolú agus an Clár Oibre um Aistriú Cóir. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht ar leith a bhaineann le hidirphlé Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha chun a áirithiú go gcuirfear cinneadh an athbhreithnithe dhomhanda chun feidhme go rathúil ina iomláine.

13. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an Clár Oibre um Maolú maidir le huaillmhian agus cur chun feidhme an mhaolaithe a mhéadú go práinneach le linn na ndeich mbliana criticiúla seo ar bhealach lena gcomhlánófar an t-athbhreithniú domhanda agus TÁ SÍ TIOMANTA leanúint de bheith ag obair ar bhealach cuiditheach le Páirtithe agus le geallsealbhóirí neamh-Pháirtí chun ceachtanna a foghlaimíodh a mhalartú, sineirgí a shainaithint, agus comhar ilpháirtithe leasmhara a neartú chun beartais láidre intíre a chur chun cinn, féachaint ar an gcaoi a bhféadfadh beartais earnála a bheith mar bhonn taca don ghníomhú ar son na haeráide agus don uaillmhian aeráide, agus cur ar chumas tíortha dul chun cinn a dhéanamh maidir lena ngealltanais atá ar na bacáin a chur chun feidhme agus a fheabhsú chun go mbeidh an sprioc teochta 1.5 °C insroichte i dteannta a chéile. IS DÍOL SÁSAIMH DI ‘cathracha: foirgnimh agus córais uirbeacha’ a bheith mar thopaic Chlár Oibre um Maolú in 2024. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS IMNÍ DI an easpa dul chun cinn atá déanta i bpróiseas Chlár Oibre um Maolú go dtí seo. IARANN SÍ ar na páirtithe uile páirt chuiditheach a ghlacadh i bplé suntasach maidir le bearta maolaithe agus tacú le cinneadh substainteach uaillmhianach maidir leis an Meitheal um an Margadh Muirí ag COP29, lena léirítear teachtaireachtaí ardleibhéil maidir leis an Idirphlé Domhanda agus na hImeachtaí atá Dírithe ar Infheistíocht faoin gClár Oibre um Maolú ach obair leantach a dhéanamh freisin ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an athbhreithnithe dhomhanda chomh maith le hionchais a chur ar fáil maidir leis an mbabhta de NDCanna atá ar na bacáin. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé d'acmhainn ag an gClár Oibre um Maolú ionchur a chur ar fáil i mionsaothrú na NDCanna ard-uaillmhianacha nua agus gníomhaíocht na bpáirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha lasmuigh de UNFCCC a spreagadh, lena gcruthófar poist nua agus fás ar fud an domhain.

14. LEAGANN SÍ béim ar a thábhachtaí atá an Clár Oibre um Aistriú Cóir; GEALLANN SÍ go ndéanfaidh sí féin agus IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile oibriú ar bhealach cuiditheach ar chonairí aistrithe chóir atá dírithe ar an duine, gan aon duine a fhágáil ar lár, agus feabhas a chur ar an acmhainneacht chun aistriú cóir a chur chun feidhme ar bhonn intíre a bheidh bunaithe ar idirphlé sóisialta cuimsitheach, fóinteach agus éifeachtach agus ar rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach do chách, lena n-áirítear Páirtithe Leasmhara Neamhpháirtí.

15. MEABHRAÍTEAR di conclúidí an 8 Deireadh Fómhair 2024 ón gComhairle maidir le maoiniú idirnáisiúnta don aeráid; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú maidir le SNCC maidir le maoiniú don aeráid agus ATHDHEARBHAÍONN sí rannpháirtíocht chuiditheach an Aontais sna pléití. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige leathan claochlaitheach maidir leis an sprioc nua a cheapadh mar chuid de chreat domhanda le haghaidh maoiniú don aeráid ina mbeidh gach foinse airgeadais - foinsí intíre, idirnáisiúnta, poiblí agus príobháideacha, comhlántach agus ina dtacóidh siad lena chéile agus ina measfar meascáin éagsúla de mhódúlachtaí maoiniúcháin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur bealach é an maoiniú don aeráid chun na spriocanna domhanda maidir leis an aeráid a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhtháite ilsrathach do SNCC. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart go léireofaí leis an sprioc iarrachtaí domhanda agus intíre ar bhonn níos leithne chun maoiniú don aeráid a shlógadh trí bhearta lena ndírítear ar an timpeallacht chumasúcháin a neartú chun go mbeidh sreafaí airgeadais comhsheasmhach le conair i dtreo spriocanna Chomhaontú Pháras agus chun sreafaí infheistíochta a scaoileadh, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha. Ba cheart an maoiniú idirnáisiúnta don aeráid a chuirtear ar fáil agus a shlógtar a bheith ina chroílár agus ba cheart dó teacht ó ghrúpa níos leithne ranníocóirí, lena n-áirítear na tíortha sin atá in ann ranníocaíocht a dhéanamh. Leis an leathnú sin ar an ngrúpa rannpháirtithe, cuirtear deis ar fáil chun an maoiniú a mhéadú chun tacú le tíortha agus pobail leochaileacha agus léirítear dlúthpháirtíocht láidir dhomhanda ina leith. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le grúpa ranníocóirí a leathnú mar réamhriachtanas do SNCC uaillmhianach, lena léirítear éabhlóid na gcumas eacnamaíocha faoi seach agus méadú ar sciartha na n-astaíochtaí arda gás ceaptha teasa domhanda ó thús na 1990idí, agus gur de chineál dinimiciúil iad. AITHNÍONN SÍ gur cheart do thíortha forbartha, mar chuid d'iarracht dhomhanda, leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le maoiniú don aeráid a shlógadh ó réimse leathan foinsí, ionstraimí agus bealaí. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart croílár SNCC úsáid ar bhealach spriocdhírithe lena n-áirithítear tacaíocht éifeachtúil, inrochtana agus éifeachtach go háirithe do thíortha agus do phobail leochaileacha chun torthaí a bhaint amach ar an láthair. Ar an gcaoi chéanna, AITHNÍONN SÍ go bhfuil maoiniú don aeráid á chur ar fáil agus á shlógadh cheana féin ag go leor tíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear trí chistí tiomnaithe don aeráid, trí Bhainc Forbartha Iltaobhacha, trí institiúidí náisiúnta maoinithe forbraíochta agus trí chomhar Theas-Theas. MOLANN SÍ do na ranníocóirí uile tuairisciú a dhéanamh ar mhéid an mhaoinithe don aeráid a chuirtear ar fáil agus a shlógtar chun cur le trédhearcacht agus chun comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas níos láidre a chumasú idir soláthraithe agus gníomhaithe éagsúla, ós rud é go bhféadfadh sé sin níos mó maoinithe a spreagadh don aeráid.

16. MEABHRAÍTEAR di an deis a thugtar in Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras maidir le huaillmhian bhreise a éascú chun an bhearna a dhúnadh i dtaca le teorainn a chur leis an téamh domhanda, ar choinníoll go n-áiritheofar trédhearcacht agus sláine an chomhshaoil. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór díriú i gcónaí ar astaíochtaí a laghdú ar bhonn intíre agus nach féidir fritháireamh a úsáid chun na ciorruithe astaíochtaí is gá a chur siar. IARANN SÍ ar na Páirtithe páirt chuiditheach a ghlacadh chun teacht ar chomhaontú i mBaki lena gcuirfear le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras, lena spreagfar uaillmhian, lena n-éascófar dul chun cinn, lena dtacófar le hinfheistíochtaí claochlaitheacha, lena gcumasófar forbairt inbhuanaithe agus lena ndaingneofar sláine an chomhshaoil, agus coimircí sóisialta á gcaomhnú, cearta an duine á n-urramú, á gcosaint agus á gcomhlíonadh ag an am céanna, lena n-áirítear cearta na bPobal Dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus lena gcosnófar an bhithéagsúlacht agus linnte nádúrtha a chosaint ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid. IARANN SÍ go gcuirfear i bhfeidhm na rialacha cuimsitheacha in Airteagal 6 chun rannchuidiú leis an uaillmhian dhomhanda mhéadaithe is gá agus le laghduithe astaíochtaí a bhaint amach i gcomhréir le sprioc teochta 1.5 °C agus le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta, chun comhaireamh dúbailte agus gaibhniú conairí astaíochtaí nach bhfuil i gcomhréir le spriocanna Pháras a sheachaint nó gan a bheith ag brath ar roghanna maolaithe a bhfuil riosca suntasach ann go n-aisiompófaí iad, chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh, agus ar an iomlán chun sláine an chomhshaoil a áirithiú, i dtéarmaí soláthair, éilimh agus próiseas, agus cuntasacht, trédhearcacht, faireachán agus uaillmhian láidir a áirithiú, chomh maith le hardcháilíocht na dtorthaí maolaithe.

17. SPREAGANN SÍ na Páirtithe gníomhaíocht a dhéanamh ar gach leibhéal rialachais chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú. TÁ SÍ TIOMANTA rannchuidiú le clár oibre dhá bhliain Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha–Belém maidir le táscairí a bhaint amach chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtaca le gníomhaíocht oiriúnúcháin agus IARANN SÍ ar na Páirtithe uile páirt a ghlacadh san obair theicniúil ar na táscairí roimh COP29 chun go mbainfear amach é faoi COP30. MOLANN SÍ do na Páirtithe pleananna oiriúnaithe náisiúnta, ionstraimí beartais, agus próisis nó straitéisí pleanála a chur ar aghaidh, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, agus TÁ SÍ TIOMANTA tacú leis an obair chun toradh dearfach a bhaint amach maidir le measúnú na bpleananna oiriúnaithe náisiúnta i mBaki.

18. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé Creat Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le hAthléimneacht Dhomhanda in aghaidh an Athraithe Aeráide a chur chun feidhme, a bhfuil ról lárnach aige maidir le hiarrachtaí oiriúnúcháin a threorú. CUIREANN SÍ I dTREIS tiomantas an Aontais é sin a dhéanamh ina chuid iarrachtaí intíre agus ina chomhar idirnáisiúnta araon. MEABHRAÍTEAR DI a phráinní atá sé dlús a chur leis an ngníomhaíocht oiriúnúcháin agus a áirithiú go gcuirfear an creat chun feidhme agus go mbainfear amach a spriocanna uaillmhianacha, lena n-áirítear i dtaca le huisce, bia, sláinte agus éiceachórais, i measc nithe eile. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart táscairí do chreat Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a bheith sonrach don oiriúnú, inghníomhaithe, fiúntach, gan dé-bhrí, agus inbhraite agus gur cheart dó tacú leis an measúnú ar dhul chun cinn an oiriúnaithe in athbhreithnithe domhanda ina dhiaidh sin.

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhaontú faoi chlár oibre comhpháirteach nua Sharm El-Sheikh maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i réimse na talmhaíochta agus na slándála bia agus GEALLANN SÍ go dtosóidh sí ar an obair faoin treochlár a ghlacadh ina leagfar amach a chuid oibre go dtí COP31 (2026). CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint den obair chun Dearbhú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha COP28 maidir le Talmhaíocht Inbhuanaithe, Córais Bhia Athléimneacha agus Gníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme, agus a phráinní atá sé leanúint den obair i dtreo córais bhia inbhuanaithe athléimneacha agus tá sí TIOMANTA don chomhar leanúnach le comhpháirtithe i ndáil leis an méid sin.

20. CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí a bheidh an chuntasacht, i gcás gníomhaíochta agus tacaíochta araon, agus a tabharfar faoin gCreat Trédhearcachta Feabhsaithe, chun muinín a chruthú agus a chothabháil i measc na bpáirtithe mar cuireann gach páirtí a ngealltanais chun feidhme ar bhealach trédhearcach cruinn iomlánach inchomparáide comhsheasmhach. IARANN SÍ ar na páirtithe uile a gcéad tuarascálacha trédhearcachta débhliantúla a ullmhú agus a thíolacadh faoi dheireadh na bliana ar a dhéanaí, agus tá RÚN DAINGEAN aici féin é sin a dhéanamh chomh maith, agus tugann sí dá haire go bhféadfaidh na tíortha is lú forbairt agus na stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha iad a thíolacadh dá rogha féin.

21. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé bailchríoch a chur ar an athbhreithniú ar Chlár Oibre Feabhsaithe Líoma agus ar a Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne agus an obair sin a leathnú amach sa todhchaí. TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ do chomhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile a chur chun cinn ar fud an domhain, ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach chun gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide, chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach agus chun athléimneacht dhomhanda a neartú. TÁ SÍ AG SÚIL le dul i dteagmháil leis na páirtithe uile chun leanúint den obair maidir le príomhshruthú inscne i bpróiseas UNFCCC, sna míreanna uile, sna comhlachtaí comhdhéanta uile agus sna cláir oibre uile. TATHANTAÍONN SÍ ar na Páirtithe uile rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann, fhóinteach agus shábháilte na mban agus na gcailíní sa ghníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme; trí fhothú acmhainneachta, trí phleanáil, trí chinnteoireacht, trí chur chun feidhme, trí fhaireachán agus trí thuairisciú, agus meabhraítear di a tiomantas déanamh amhlaidh.

GNÍOMHAÍOCHT, UAILLMHIAN, DEISEANNA AGUS TACAÍOCHT A FHEABHSÚ

22. IS MÓR AICI iarrachtaí Rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha feidhmiú mar Uachtaránacht COP28 agus IS DÍOL SÁSAIMH DI Comhdhearcadh ceannródaíoch Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha lena leagtar béim ar dheireadh ré na mbreoslaí iontaise tríd an mbealach a réiteach le haghaidh aistriú domhanda tapa, cóir agus cothrom chuig geilleagair aeráidneodracha a mbeidh ciorruithe doimhne, tapa agus marthanacha ar astaíochtaí mar bhonn taca leo i gcomhréir leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C.

23. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le hiarracht chomhchoiteann agus gníomhaíochtaí breise ó gach tír, go háirithe ó na mórgheilleagair, le linn na ndeich mbliana criticiúla seo chun an téamh a theorannú go 1.5 °C. Ceanglaítear leis freisin go mbainfidh astaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa (GCT) buaicphointe amach roimh 2025 ar a dhéanaí, go laghdófar iad thart ar 43 faoin gcéad faoi 2030 agus 60 faoin gcéad faoi 2035, i gcomparáid le 2019, agus go sroichfidh siad astaíochtaí GCT glan-nialasacha a luaithe is féidir agus faoi 2050 ar a dhéanaí.

24. TATHANTAÍONN sí ar na Páirtithe uile obair leantach a dhéanamh agus na hiarrachtaí domhanda a comhaontaíodh sa Chinneadh maidir leis an Athbhreithniú Domhanda a léiriú trí NDCanna a chur chun feidhme agus a uas-scálú ar bhealach pras uaillmhianach, agus iad a thíolacadh i bhfad roimh COP 30, i gcomhréir le Comhaontú Pháras. MEABHRAÍTEAR DI gur iarr an Cinneadh maidir leis an Athbhreithniú Domhanda ar na Páirtithe uile sin nach ndearna é sin go fóill féachaint an athuair ar spriocanna 2030 ina NDCanna agus iad a neartú de réir mar is gá chun iad a ailíniú le sprioc teochta Chomhaontú Pháras faoi dheireadh 2024, a straitéisí forbartha fadtéarmacha le haghaidh astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa a chur in iúl nó a athbhreithniú i dtreo aistriú cóir chuig astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha faoi 2050 agus imthosca náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI go bhfuil NDCanna reatha na bPáirtithe i gComhaontú Pháras i bhfad ó bheith ar an mbóthar ceart i dtreo an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C agus spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile a mbeartais agus a mbearta a ailíniú leis na spriocanna a leagtar amach ina NDCanna i gcomhréir le Comhaontú Pháras. CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart na nithe a leanas a bheith ag gach tír – go háirithe ag na mórgheilleagair: i) feabhas suntasach a bheith curtha acu ar uaillmhian a NDCanna ó glacadh Comhaontú Pháras, ii) go raibh buaicphointe bainte amach ag a chuid astaíochtaí GCT cheana féin nó, iii) go bhfuil sé tugtha le fios acu go ndéanfaidh siad amhlaidh tráth nach déanaí ná 2025, agus gur cheart dóibh a chur in iúl ina NDCanna spriocanna uile-gheilleagair agus dearbhspriocanna laghdaithe lena gcumhdaítear na GCTanna uile.

25. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an tAontas ag gníomhú ar an sainordú a leagadh síos san athbhreithniú domhanda, lena n-áirítear tríd an bpacáiste reachtach ‘Oiriúnach do 55’ a chur chun feidhme lena gcuirfear ar chumas an Aontais a NDC nuashonraithe do 2030 a chur chun feidhme. CUIREANN SÍ IN IÚL, de réir mheastacháin an Choimisiúin, go bhféadfadh an creat reachtach ‘Oiriúnach do 55’, nuair a chuirtear chun feidhme go hiomlán é, a chur ar chumas an Aontais agus a chuid Ballstát sprioc laghdaithe astaíochtaí an Aontais a shárú maidir le glanlaghdú intíre 55 %, ar a laghad, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2030. I ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an pacáiste ‘Oiriúnach do 55’ a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán, agus é á chur san áireamh go gcruthaítear deiseanna agus dúshláin leis sin nach mór aghaidh a thabhairt orthu.

26. IARRANN SÍ AN ATHUAIR go n-aistreofaí ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh ar bhealach cóir, ordúil agus cothrom, i gcomhréir le conairí 1.5 °C, agus dlús á chur le gníomhaíocht sa deacáid chriticiúil atá romhainn, chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 i gcomhréir leis an eolaíocht. Ina theannta sin, IARRANN SÍ go ndéanfaí acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí ar fud an domhain, meánráta bliantúil domhanda na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030 agus dlús a chur le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí. IARRANN SÍ go gcuirfí deireadh de réir a chéile leis na fóirdheontais le haghaidh breoslaí iontaise nach dtugann aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh ná ar an aistriú cóir a luaithe is féidir. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ IN IÚL nach mór do na spriocanna sin a bheith fite fuaite le coigilteas fuinnimh agus cuidiú le céimniú amach tháirgeadh agus thomhaltas an fhuinnimh breosla iontaise ar fud an domhain, LEAGANN SÍ BÉIM AIR, i gcomhthéacs chur chun feidhme na n-iarrachtaí domhanda uile a bhaineann le fuinneamh a comhaontaíodh mar chuid den chomhdhearcadh ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ar bhealach a chinntear go náisiúnta, agus meascán fuinnimh gach tíre á urramú ag an am céanna, gur iarradh ar na Páirtithe rannchuidiú leis na hiarrachtaí domhanda ar dhlús a chur le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus ísealastaíochtaí i gcomhréir le mír 28 den athbhreithniú domhanda. Ina theannta sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le dlús a chur le dícharbónú an tionscail agus gaibhniú astaíochtaí a sheachaint in earnálacha tionscail ar deacair iad a laghdú agus IS DÍOL SÁSAIMH DI dul chun cinn na dtionscnamh idirnáisiúnta sa réimse sin.

27. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise neamhlaghdaithe ar fud an domhain agus buaicphointe a dtomhaltas agus laghdú ar a dtomhaltas a bheith bainte amach cheana le linn na 10 mbliana seo chun an maolú agus an t-aistriú is gá a dhéanamh mar atá léirithe ag IPCC. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé don earnáil fuinnimh a bheith saor, den chuid is mó, ó bhreoslaí iontaise i bhfad roimh 2050 agus a thábhachtaí atá sé córas cumhachta domhanda atá go hiomlán nó den chuid is mó dícharbónaithe a bhaint amach sna 2030í, ina mbeidh cumhacht nua ghuail fágtha ar lár, ós rud é go bhfuil bearta costéifeachtacha astaíochtaí nialasacha ar fáil go forleathan san earnáil sin cheana féin, lena soláthraítear tairbhí iomadúla, *inter alia*, don fhorbairt inbhuanaithe, do shláinte an duine agus do cháilíocht an aeir, do chruthú post agus don tslándáil fuinnimh agus do chéimniú amach na giniúna cumhachta guail domhanda neamhlaghdaithe atá ann faoi láthair i gcórais fuinnimh atá comhsheasmhach leis an sprioc teochta 1.5 °C a choinneáil insroichte. Thairis sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ar mionscála amháin is ann do theicneolaíochtaí laghdaithe astaíochtaí nach ndéanann dochar suntasach don chomhshaol, agus gur ceart iad a úsáid go príomha chun astaíochtaí a laghdú in earnálacha inar deacair laghduithe a dhéanamh agus gur chun rannchuidiú le hastaíochtaí diúltacha domhanda is ceart teicneolaíochtaí bainte a úsáid, agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR nár cheart iad a úsáid chun moill a chur ar ghníomhú ar son na haeráide in earnálacha ina bhfuil roghanna malartacha maolúcháin ar fáil atá indéanta éifeachtach cost-éifeachtúil, go háirithe sna 10 mbliana criticiúla seo. Ag an am céanna, AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta maidir le teicneolaíochtaí laghdaithe astaíochtaí a fhorbairt agus an ról a d'fhéadfadh a bheith acu amach anseo maidir le hastaíochtaí a laghdú in earnálacha ina bhfuil sé deacair carbón a laghdú, chun dlús a chur leis an dícharbónú agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. IARRANN SÍ ar na páirtithe uile, go háirithe ar mhórgheilleagair eile, a rannchuidiú leis an aistriú domhanda ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh a oibríochtú, trí phleananna, beartais agus gníomhaíochtaí náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart do thionscal na hola agus an gháis ról ceannaireachta a ghlacadh sna hiarrachtaí domhanda is gá chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an acmhainneacht chostéifeachtach astaíochtaí meatáin a laghdú in eastóscadh, i dtáirgeadh agus in iompar breoslaí iontaise agus in earnálacha na talmhaíochta agus na dramhaíola chomh maith. GEALLANN SÍ go gcuirfidh sí gníomhaireachtaí, mar shampla an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite, i mbun oibre le UNFCCC chun tuairisciú trédhearcach tráthúil a áirithiú maidir leis an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí ar fud an domhain agus meánráta bliantúil domhanda na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030, mar a gealladh in COP28.

28. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá bonneagar a chumasú, mar shampla, eangacha cumhachta tarchuir agus dáileacháin, idirnaisc leictreachais agus stóráil fuinnimh agus a n-ábharthacht maidir le rochtain ar fhuinneamh, iomaíochas, billí inacmhainne fuinnimh, slándáil fuinnimh, solúbthacht an chórais a mhéadú, leictriú agus bainistiú ar éileamh. TACAÍONN sí le forbairt scileanna a neartú a thuilleadh agus cruthú post glas a chothú mar chumasóir do thairbhí an aistrithe fuinnimh agus do na hiarrachtaí domhanda chun slabhraí soláthair agus luacha domhanda, réigiúnacha agus áitiúla atá iontaofa, éagsúlaithe, inbhuanaithe, freagrach, tíosach ar acmhainní agus cóir a fhorbairt agus a neartú chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh.

29. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór don chéad bhabhta eile de NDCanna an dul chun cinn agus an uaillmhian is airde is féidir a léiriú; agus IARRANN SÍ go ndéanfaí na NDCanna sin a ailíniú leis an gCinneadh maidir leis an Athbhreithniú Domhanda agus leis an sprioc teochta 1.5 °C, arna bhunú ar an eolaíocht is déanaí, lena n-áirítear spriocanna uile-gheilleagair agus dearbhspriocanna laghdaithe lena gcumhdaítear GCTanna, earnálacha agus catagóirí uile, agus a mbeidh beartais agus bearta nithiúla mar bhonn taca leo agus ATHDHEARBHAÍONN sí an comhdhearcadh ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ina moltar do Pháirtithe a rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a chur in iúl in 2025 le dáta deiridh 2035, de bhun mhír 2 de Chinneadh 6/CMA.3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ na conclúidí ó IPCC, eadhon go bhfuil réitigh ar fáil chun an t-ardú teochta a theorannú go 1.5ºC agus go n-oibreoidh sí le comhpháirtithe eile chun a áirithiú go léireofar na réitigh sin sa chéad bhabhta eile de NDCanna. TÁ SÍ TIOMANTA oibriú le tíortha comhpháirtíochta, le comhpháirtithe forbartha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, mar shampla an Chomhpháirtíocht um NDCanna, chun NDCanna uaillmhianacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

30. IS DÍOL SÁSIMH DI gur foilsíodh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí inti i gcomhréir leis an eolaíocht. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur bonn í an Teachtaireacht ón gCoimisiún don phlé agus go bhfuil sí mar bhonn eolais don chinneadh atá le déanamh maidir le sprioc 2040 an Aontais agus maidir leis an gcéad NDC eile a bheidh le cur isteach i bhfad roimh COP30 i gcomhréir leis na gealltanais faoi Chomhaontú Pháras agus le torthaí an athbhreithnithe dhomhanda, d'fhonn ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla, bunaithe ar an sprioc laghdaithe astaíochtaí atá le moladh ag an gCoimisiún agus atá le comhaontú i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha an Aontais;; agus obair á déanamh ag an am céanna ar na réamhriachtanais chun a cur i gcrích a éascú. IARRANN SÍ freisin ar chomhpháirtithe idirnáisiúnta eile, go háirithe na astaírí móra, a n-uaillmhian féin a mhéadú, chun an domhan a chur ar chonair atá comhoiriúnach leis an sprioc teochta 1.5 °C.

31. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá creat beartais cobhsaí intuartha chun soiléireacht a chur ar fáil d'infheisteoirí, lena n-áirítear gnólachtaí, saoránaigh agus lucht ceaptha beartas, agus an gá atá le cinneadh maidir le sprioc idirmheánach 2040 in am trátha, i gcomhréir leis an dlí aeráide Eorpach agus leis na gealltanais faoi Chomhaontú Pháras, agus i gcomhréir leis an sprioc teochta 1.5 céim, agus torthaí an athbhreithnithe dhomhanda á gcur san áireamh. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an t-athbhreithniú meántéarma ar an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh sé ríthábhachtach gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme a thuilleadh ionas go mbainfear amach cuspóirí tosaíochta an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol agus ionas go gcuirfear an tionchar socheacnamaíoch ar earnálacha aeráid-íogair san áireamh.

32. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an rannpháirtíocht idirnáisiúnta trí iltaobhachas láidir riailbhunaithe ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar an athrú aeráide ar fud an domhain. MEABHRAÍTEAR DI conclúidí ón gComhairle an 18 Márta 2024 maidir le Taidhleoireacht Ghlas an Aontais[1] agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ, i ndáil leis an méid sin, an tiomantas oibriú i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta trí thaidhleoireacht ghníomhach Eorpach ghlas, aeráide agus fuinnimh chun dlús a chur leis an aistriú cóir cuimsitheach domhanda.

33. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá comhar éifeachtach le tíortha atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear trí fhothú acmhainneachta agus cúnamh teicniúil agus airgeadais ó gach foinse, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na hiarmhairtí a eascraíonn as an athrú aeráide agus chun na tairbhí a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach athléimneach a dhaingniú.

34. AITHNÍONN Sí torthaí IPCC go gcomhtháthaítear leis an bhforbairt aeráid-díonach an t-oiriúnú agus an maolú chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn do chách, rud a chumasaítear le comhar idirnáisiúnta méadaithe. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go laghdaítear ráta agus méid an téimh le gníomhaíocht mhaolúcháin lena dteorannaítear astaíochtaí $CO_2$, mar aon le laghduithe móra ar astaíochtaí gás ceaptha teasa eile, rud a mhéadaíonn éifeachtacht na pleanála agus an cumas pleanáil a dhéanamh. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil ráta méadaithe an athraithe aeráide agus ollmhéid an athraithe féin ag cur leis an dóchúlacht go sárófar teorainneacha oiriúnaithe, agus ar an gcaoi sin CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an maolú agus an t-oiriúnú comhlántach agus riachtanach chun an t-athrú aeráide a ghleic, agus EILÍONN SÍ go ndéanfaí astaíochta a laghdú go tapa agus go hinbhuanaithe ar bhonn domhanda chun glanastaíochtaí nialasacha $CO_2$ atá ailínithe le conairí 1.5 °C, ar a laghad, a bhaint amach chun ár gcumas don oiriúnú a chaomhnú.

1 7865/24

35. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an acmhainneacht oiriúnaitheach, an athléimneacht a fhorbairt agus an leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach a bhíonn ag straitéisí agus pleananna náisiúnta oiriúnaithe atá iomlánaíoch cuimsitheach agus a chuirtear chun feidhme go héifeachtach. IARRANN SÍ AR na Páirtithe uile iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun an t-oiriúnú don athrú aeráide agus an athléimneacht ina leith a chomhtháthú agus a phríomhshruthú i mbeartais, in earnálacha, i gcláir agus i ngníomhaíochtaí ábhartha agus atá ann cheana, laistigh de na hearnálacha ábhartha uile, ós rud é go bhfuil na hiarrachtaí sin ríthábhachtach chun gníomhú in aghaidh bagairtí méadaitheacha an athraithe aeráide. LEAGANN SÍ BÉIM ar thacaíocht an Aontais d'athléimneacht agus ullmhacht idirnáisiúnta i leith na haeráide, do cheapadh beartas agus dreasachtaí chun infheistíochtaí atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn, agus do thacaíocht spriocdhírithe do thíortha comhpháirtíochta, go háirithe do ghníomhaíochtaí lena rannchuidítear le cur chun feidhme na gcéimeanna éagsúla den timthriall beartais oiriúnúcháin (measúnú riosca, pleanáil, cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht agus foghlaim).

36. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil bainistiú cuimsitheach rioscaí aeráide ríthábhachtach chun athléimneacht aeráide fhadtéarmach a fhorbairt agus chun an caillteanas agus an damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu. CUIREANN SÍ I dTREIS an iarracht leanúnach atá á déanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun na rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide a chosc agus a laghdú, sa bhaile agus thar lear araon, mar a léirítear sna straitéisí agus pleananna oiriúnaithe atá á gceapadh agus á gcur chun feidhme ag na Ballstáit uile agus i gcur chun cinn an Mhisin Eorpaigh um Oiriúnú agus i gcur chun feidhme Straitéis an Aontais um an Oiriúnú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Bainistiú Rioscaí Aeráide lena dtacófar le tosaíochtaí beartais a bhaineann le hoiriúnú a shainaithint san Eoraip agus le forbairt beartais in earnálacha aeráid-íogair agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus cúis mhór imní di dá réir, a dtorthaí maidir leis an ngarbhaol agus na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide do shaoránaigh, don chóras airgeadais agus don gheilleagar ar fad agus go bhfuil leibhéil chriticiúla bainte amach ag go leor de na rioscaí a sainaithníodh agus gur gá gníomhaíocht phráinneach chinntitheach a dhéanamh ina leith.

37. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go mbeidh sé ríthábhachtach an t-ardú ar an teocht dhomhanda a theorannú go 1.5 °C chun an caillteanas agus an damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus chun aghaidh a thabhairt orthu. ATHDHEARBHAÍONN SÍ rannpháirtíocht láidir an Aontais chun feabhas a chur ar ghníomhaíocht maidir leis an gcaillteanas agus an damáiste a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chomhaontú Pháras. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach bhfuil aon bhealach amháin ann chun freagairt ar an gcaillteanas agus ar an damáiste, agus nach mór an iliomad freagairtí a neartú agus, ag an am céanna, na sineirgí agus an comhleanúnachas idir na socruithe atá ann cheana agus na socruithe nua chun freagairt don chaillteanas agus don damáiste a fheabhsú ar bhonn domhanda.

38. AITHNÍONN SÍ na gealltanais a tugadh in Dubai agus ina dhiaidh sin maidir le tús a chur le hoibríochtú an Chiste um Fhreagairt ar Chaillteanas agus Damáiste; i ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinne Bord an Chiste chun bailchríoch a chur ar a shocruithe rialachais agus institiúideacha go tráthúil. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá don Chiste oibriú go comhleanúnach leis na socruithe cistiúcháin, agus úsáid á baint as na sásraí atá ann cheana, mar shampla Sásra Idirnáisiúnta Vársá do Chaillteanas agus Damáiste a bhaineann le Tionchair an Athraithe Aeráide, a Choiste Feidhmiúcháin agus Líonra Santiago. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé socruithe nua cistiúcháin, lena n-áirítear an Ciste, a oibríochtú go pras i gcomhthéacs an tírdhreacha reatha nua chun tacú le tíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, chomh maith le leanúint de thacaíocht a chur ar fáil, ar bhonn deonach, ó réimse leathan foinsí cistiúcháin, lena n-áirítear deontais agus iasachtaí lamháltais ó fhoinsí poiblí, príobháideacha agus nuálacha. Thairis sin, IARRANN SÍ ar na tionscnaimh agus ar na hinstitiúidí ábhartha uile, mar shampla, bainc forbartha iltaobhacha, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, cistí aeráide, gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, gníomhaireachtaí déthaobhacha agus geallsealbhóirí ábhartha eile, laistigh de raon feidhme a sainorduithe, dul I ngleic le caillteanas agus damáiste, agus tacaíocht a chur ar fáil do na hiarrachtaí sin ar bhealach comhleanúnach comhordaithe.

39. AITHNÍONN SÍ go bhfuil maoiniú poiblí don aeráid, lena n-áirítear maoiniú idirnáisiúnta don aeráid, ríthábhachtach i gcónaí chun tacú le tíortha agus pobail leochaileacha, go háirithe iad siúd a ndéanann tionchair an athraithe aeráide difear díréireach dóibh, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus i stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha lena n-áirítear don oiriúnú. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé cúnamh oifigiúil um fhorbairt a úsáid go héifeachtúil agus go catalaíoch chun acmhainní ó fhoinsí eile a shlógadh. LEAGANN SÍ BÉIM AR na dúshláin leanúnacha atá os comhair go leor tíortha atá i mbéal forbartha maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide, go háirithe iad siúd a bhfuil srianta suntasacha acmhainne orthu, agus an gá atá le hiarrachtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, chun cur ar chumas tíortha atá i mbéal forbartha a bhfuil NDCanna uaillmhianacha acu dlús a chur lena n-aistrithe intíre aeráide agus fuinnimh agus chun athléimneacht náisiúnta aeráide a neartú.

40. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur bhain na tíortha forbartha amach an sprioc chomhchoiteann maidir le USD 100 billiún i maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a chur ar fáil do thíortha i mbéal forbartha, i gcomhthéacs gníomhaíocht fhónta mhaolúcháin agus trédhearcacht maidir le cur chun feidhme, agus go ndearnadh USD 115.9 billiún a chur ar fáil agus a shlógadh in 2022. MEABHRAÍTEAR DI rannchuidiú suntasach an Aontais agus a Bhallstát i ndáil leis sin agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thiomanta atá siad leanúint den sprioc a bhaint amach le linn 2025. Ar an gcaoi chéanna, DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR a thiomanta atá sí tuilleadh feabhais a chur ar na sineirgí idir maoiniú do chláir oibre maidir leis an aeráid, an bhithéagsúlacht agus bainistiú inbhuanaithe talún. AITHNÍONN SÍ gur gá foinsí cistiúcháin nua agus nuálacha atá ann cheana a shainaithint agus a úsáid, lena n-áirítear foinsí ó earnáil na mbreoslaí iontaise, chun tacú leis na tíortha is leochailí chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus athléimneacht ina aghaidh a chothú. AITHNÍONN SÍ freisin an gá atá le feabhas breise a chur ar a fhreagrúla atá an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide ó thaobh inscne de.

41. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé maoiniú a mhéadú chun athléimneacht a fhorbairt agus acmhainneachtaí oiriúnaitheacha le haghaidh athrú aeráide a fheabhsú. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil rún daingean ag an Aontas agus ag na Ballstáit freagairt ar an tathant go ndéanfaí soláthar comhchoiteann na dtíortha forbartha maidir leis an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide le haghaidh an oiriúnaithe do thíortha i mbéal forbartha a dhúbailt faoi 2025, i gcomparáid le leibhéil 2019. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról ríthábhachtach atá ag an maoiniú lamháltais idirnáisiúnta agus ag an airgeadas poiblí intíre maidir le tacú le hiarrachtaí oiriúnaithe agus iad a ghiaráil trí chlársceidealú, pleanáil agus buiséadú cuí, lena bhfeabhsaítear rochtain ar mhaoiniú príobháideach agus lena gcuimsítear an maoiniú príobháideach céanna.

42. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur sprioc bhunriachtanach de chuid Chomhaontú Pháras é sreabha airgeadais domhanda a dhéanamh comhsheasmhach leis an mbealach i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá aeráid-díonach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le gníomhaíocht dhomhanda phráinneach chuige sin, lena n-áirítear athchóiriú leanúnach brostaithe ar an ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach féidir leis an airgeadas poiblí amháin na leibhéil airgeadais is gá a chur ar fáil chun geilleagar domhanda aeráidneodrach athléimneach a bhaint amach agus go bhfuil sé ríthábhachtach foinsí príobháideacha agus nuálacha maoinithe don aeráid a shlógadh chun aistriú rathúil cóir a bhaint amach. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór d'infheistíochtaí príobháideacha an sciar is mó den infheistíocht is gá a dhéanamh sna haistrithe glasa agus AITHNÍONN SÍ go mbaineann na hiarrachtaí sin le hailíniú na gcóras airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, i ngach tír, chun sreafaí airgeadais poiblí agus príobháideacha a aistriú ó ghníomhaíochtaí ard-astaíochtaí agus atá díobhálach don aeráid i dtreo forbairt atá íseal ó thaobh GCTanna agus atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an earnáil phríobháideach a shlógadh ar an mórchóir trí chreataí beartais éifeachtacha inchreidte a bheidh in ann dul i ngleic le teipeanna margaidh agus bacainní eile chun infheistíochtaí a mhéadú. MOLANN SÍ do na Páirtithe uile feabhas a chur ar thuairisciú trédhearcach láidir ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach a chuirtear ar fáil agus a shlógtar don ghníomhú ar son na haeráide agus sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ gur gá dul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú sreafaí airgeadais a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh air agus é a rianú, agus faisnéis chomhsheasmhach, inchomparáide agus iontaofa a chur ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus is cúis mhór imní di, scála an airgeadais phríobháidigh atá fós ag tacú le gníomhaíochtaí domhanda nach bhfuil ailínithe le Comhaontú Pháras, go háirithe in earnáil na mbreoslaí iontaise, agus na dreasachtaí díobhálacha atá fós i bhfeidhm in ainneoin an chinnidh a comhaontaíodh i nGlaschú maidir lena gcéimniú amach agus i bPáras maidir le sreafaí airgeadais a ailíniú i gcomhréir le hAirteagal 2.1c, lena n-éilítear *inter alia* laghduithe domhanda ar shreafaí infheistíochta i dtreo bonneagar breoslaí iontaise, agus an gá atá le hinfheistíochtaí áirithe á aithint ag an am céanna, lena n-áirítear i dtreo athrú cuspóra agus bonneagar a sheasfaidh an aimsir a bheith comhoiriúnach le conair 1.5 °C. AITHNÍONN SÍ torthaí IPCC go bhfuil sreafaí airgeadais poiblí agus príobháideacha le haghaidh breoslaí iontaise fós níos mó ná na sreafaí airgeadais le haghaidh an oiriúnaithe don athrú aeráide agus an mhaolaithe air.

43. MOLANN SÍ do na bainc forbartha iltaobhacha agus d'institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile laistigh de raon feidhme a sainordaithe dlús a chur lena n-iarrachtaí tacú le cur chun feidhme thorthaí an athbhreithnithe dhomhanda, lena n-áirítear trí mhaoiniú príobháideach méadaithe don aeráid a shlógadh agus trí bhearta chun feabhas a chur ar thimpeallachtaí cumasúcháin chun imscaradh éifeachtach an mhaoinithe don aeráid a áirithiú, agus a straitéisí, a ngníomhaíochtaí agus a n-infheistíochtaí a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear trí na hathchóirithe is gá a dhéanamh mar chuid den athchóiriú níos leithne ar an ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta i gcomhthéacs gach sreabhadh airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach le conair i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de chomh maith le méadú leanúnach a dhéanamh ar scála agus ar éifeachtacht an mhaoinithe don aeráid agus ar rochtain shimplithe air. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na bainc forbartha iltaobhacha cur leis an úsáid a bhaineann siad as maoiniú don aeráid, iasachtú agus oibríochtaí a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus a gcur chuige comhpháirteach a fhorbairt a thuilleadh maidir le haschur agus torthaí an mhaoinithe don aeráid a rianú agus a thuairisciú, chomh maith leis modheolaíocht chomhpháirteach na mbanc sin maidir le hAilíniú Pháras, an t-athbhreithniú ar Chreat Leordhóthanachta Caipitil G20 agus straitéisí eile arna mbunú ag roinnt príomhbhainc forbartha iltaobhacha, lena n-áirítear, mar cheannródaithe, an Banc Eorpach Infheistíochta, chomh maith leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda agus IARRANN SÍ go gcuirfear chun feidhme go gasta iad. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról tábhachtach atá ag na bainc forbartha iltaobhacha chun spriocanna domhanda na bhfoinsí in-athnuaite agus na héifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach faoi 2030 chun rannchuidiú le haistriú cóir cothrom ó bhreoslaí iontaise a bhaint amach, rud a fhágfaidh go bhféadfar sciartha méadaithe infheistíochta a dhéanamh i dtíortha i mbéal forbartha agus i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn.

44. IS DÍOL SÁSAIMH DI go n-aithnítear san athbhreithniú domhanda ról na rialtas, na mbanc ceannais, na mbanc tráchtála, na n-infheisteoirí institiúideacha agus na ngníomhaithe airgeadais eile d'fhonn feabhas a chur ar mheasúnú agus ar bhainistiú rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid, d'fhonn rochtain ar mhaoiniú don aeráid a áirithiú nó a fheabhsú i ngach réigiún geografach agus i ngach earnáil gheografach, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá féachaint ar roghanna nuálacha chun foinsí an mhaoinithe lamháltais don ghníomhú ar son na haeráide a leathnú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, praghsáil carbóin, tobhaigh chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, dreasachtaí díobhálacha a laghdú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá in Athbhreithniú na Saineolaithe Domhanda maidir le Fiachas, an Dúlra agus an Aeráid agus Comhaontú Pháras do Dhaoine agus don Phláinéad.

45. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR éifeachtacht na praghsála carbóin maidir le hastaíochtaí a laghdú, infheistíochtaí glasa a spreagadh agus na hearnálacha fuinnimh agus tionsclaíocha a athrú ó bhonn ag an am céanna mar a léirítear i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais. IARRANN SÍ ar chomhpháirtithe oibriú leis an Aontas chun cur chuige domhanda a fhorbairt maidir le praghsáil carbóin agus TACAÍONN SÍ leis na dlínsí uile chun a sásraí praghsála carbóin intíre féin a thabhairt isteach nó a fheabhsú, agus béim á leagan aici ar a n-acmhainneacht ioncam a thiomsú chun tacú lena gcur chun feidhme NDCanna, i measc nithe eile, trí ionstraimí praghsála carbóin a ailíniú leis an nGlao ar ghníomhaíocht i gcomhair Margaí Carbóin atá Ailínithe le Comhaontú Pháras agus trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh idirnáisiúnta amhail Comhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhú ar son na hAeráide, Tionscnamh Bridgetown, agus Dearbhú Aeráide Nairobi. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le gníomhaíocht chun an phraghsáil carbóin dhomhanda a mhéadú.

EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHPHÁIRTEACHA AGUS EAGRAÍOCHTAÍ AGUS PRÓISIS IDIRNÁISIÚNTA EILE

46. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí agus a riachtanaí atá gníomhaíocht geallsealbhóirí neamh-Pháirtí, go háirithe an tsochaí shibhialta, gnólachtaí, institiúidí airgeadais, cathracha agus údaráis fhonáisiúnta, na Pobail Dhúchasacha, pobail áitiúla, institiúidí óige agus taighde, lena n-áirítear laistigh de phróiseas UNFCCC, agus MOLANN SÍ rannpháirtíocht leanúnach i gcur chun feidhme éifeachtach Chomhaontú Pháras agus i gcur chun feidhme thorthaí an athbhreithnithe dhomhanda, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról ríthábhachtach atá ag an earnáil phríobháideach agus ag an airgeadas príobháideach. IS DÍOL SÁSAIMH DI agus MOLANN SÍ rannpháirtíocht dhian an bheirt churadh ardleibhéil agus gníomhú ar son na haeráide á chothú acu. IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin rannpháirtíocht láidir na ngníomhaithe gnó atá bunaithe san Aontas chun réitigh a chur ar fáil chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide ar fud an domhain. ADMHAÍONN SÍ gur láidir an t-éileamh ón tsochaí shibhialta, ó leanaí agus ón óige go háirithe, go mbeifí níos uaillmhianaí agus iad ag gníomhú ar son na haeráide, agus an cothromas idirghlúine á chur san áireamh, agus gur gá aistriú éiceolaíoch a chur ar bun a rachadh chun tairbhe na sochaí agus lena gcuirfí riachtanas na ndaoine san áireamh; sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ an gá atá le rannpháirtíocht chuimsitheach an phobail, le rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus le timpeallachtaí cumasúcháin le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach chomh maith le rochtain ar fhaisnéis chun gníomhú ar son na haeráide a phleanáil agus a chur chun feidhme. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a thábhachtaí atá oideachas, oiliúint, rannpháirtíocht phoiblí agus comhar idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide arna dhéanamh i gcomhréir leis an nGníomhaíocht maidir le Cumhachtú Aeráide.

47. I gcomhréir leis an athbhreithniú dhomhanda, IARRANN SÍ go mbeadh réitigh ann chun aistriú chuig stíleanna maireachtála, patrúin tomhaltais agus táirgthe inbhuanaithe, lena n-áirítear trí chur chuige an gheilleagair chiorclaigh, AITHNÍONN SÍ an t-éileamh méadaitheach ar bhreosla iontaise agus ar fhuinneamh le haghaidh táirgeadh plaisteach agus na hidirnaisc leis an athrú aeráide agus éifeachtaí díobhálacha an truaillithe phlaistigh ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, ar shláinte an duine agus ar éiceachórais. IARRANN SÍ go gcuirfí deireadh leis an truailliú plaisteach sa chomhshaol agus IS DÍOL SÁSAIMH DI obair an Choiste Caibidlíochta Idir-Rialtasaigh (INC) chun Ionstraim Idirnáisiúnta atá Ceangailteach ó thaobh an Dlí de a bhunú chun deireadh a chur leis an truailliú plaisteach.

48. AITHNÍONN SÍ ceannaireacht agus freagrachtaí na ngníomhaithe áitiúla, lena n-áirítear na rialtais áitiúla agus réigiúnacha, maidir le dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide atá cóir ó thaobh na sochaí de agus maidir leis an ngníomhú sin a leathnú. IARRANN SÍ go dtiocfaí ar réitigh a léiríonn a thábhachtaí atá sé aistriú chuig stíleanna maireachtála inbhuanaithe agus chuig patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe agus CUIREANN SÍ CHUN CINN go mbeadh na saoránaigh rannpháirteach go héifeachtach san aistriú i dtreo stíleanna maireachtála den sórt sin, lena n-áirítear trí chur chuige an gheilleagair chiorclaigh agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhar feabhsaithe le rialtais áitiúla agus réigiúnacha agus le pobail áitiúla agus réigiúnacha maidir le NDCanna, pleananna agus straitéisí oiriúnaithe náisiúnta agus agus straitéisí fadtéarmacha a ullmhú agus a chur chun feidhme.

49. MEABHRAÍONN SÍ nach mór aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar astaíochtaí ón eitlíocht idirnáisiúnta agus ón iompar muirí agus iad a laghdú go nialas glan ar deireadh. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) ina straitéis athbhreithnithe um GCTanna lena n-áirítear uaillmhian choiteann fheabhsaithe astaíochtaí GCT glan-nialasacha ón loingseoireacht idirnáisiúnta a bhaint amach faoi nó gar do 2050, le seicphointí táscacha do 2030 agus 2040. Áirítear sa Straitéis um GCTanna freisin leibhéal nua uaillmhéine a bhaineann le glacadh teicneolaíochtaí, breoslaí nó foinsí fuinnimh malartacha atá saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa nó nach mór saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. MOLANN SÍ do IMO leanúint dá chuid oibre chun bearta meántéarma a fhorbairt agus a ghlacadh faoi 2025 lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar cuspóirí uile na straitéise agus lena n-ionchorprófar caighdeán lena rialófar laghdú de réir a chéile ar dhéine GCT na mbreoslaí muirí, agus sásra praghsála astaíochtaí gás ceaptha teasa muirí. IARRANN SÍ ar Bhallstáit na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) teacht ar chomhaontú ag Comhthionól ICAO in 2025 chun leibhéal uaillmhéine CORSIA a neartú i gcomhréir lena sprioc mhianaidhme fhadtéarmach a bhaint amach, i dtreo cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

50. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá sé an dúlra agus éiceachórais mhuirí, fionnuisce, chósta agus talún a chaomhnú, a chosaint agus a athbhunú chun an sprioc teochta 1.5 °C a bhaint amach, lena n-áirítear trí iarrachtaí feabhsaithe chun dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a stopadh agus a aisiompú faoi 2030 agus trí aigéin agus éiceachórais chósta agus fionnuisce a chaomhnú agus a athbhunú, chomh maith le héiceachórais sléibhe a chaomhnú mar réigiúin atá an-leochaileach ó thaobh na haeráide de mar a aithnítear freisin san athbhreithniú domhanda, AG MEABHRÚ DI a spreagadh chun gníomhaíocht aigéanbhunaithe ar son na haeráide a neartú a thuilleadh agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an tIdirphlé maidir leis an Aigéan agus leis an Athrú Aeráide a tionóladh faoi UNFCCC.

51. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an t-uisce agus an aeráid. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar na conclúidí ón gComhairle maidir le hUisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais[2] agus ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach ina n-admhaítear an gá atá le gníomhaíocht fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda maidir le huisce agus lena gcuirtear i dtreis a thábhachtaí atá cur chuige straitéiseach i leith na slándála uisce[3]. AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá ag éiceachórais uisceacha, go háirithe bogaigh agus éiceachórais chósta, maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus an gá atá le hacmhainní uisce a chosaint, a athbhunú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus i ndáil leis an méid sin an bhéim ar réitigh dhúlrabhunaithe chomh maith le cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais, chun éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide a íoslaghdú agus chun acmhainneachtaí oiriúnaitheacha a mhéadú. IS DÍOL SÁSAIMH DI torthaí Chomhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe, a Clár Oibre Gníomhaíochta Uisce, agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le hUisce chomh maith le cur chun feidhme straitéis uile-chórais na Náisiún Aontaithe maidir le huisce agus sláintíocht trí, *inter alia*, éiceachórais uisce agus fionnuisce a phríomhshruthú i bpróisis ábhartha na Náisiún Aontaithe. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an ról lárnach atá ag an bpleanáil spásúlachta san oiriúnú don athrú aeráide, e.g. ganntanas uisce agus rioscaí tuilte de dheasca an athraithe aeráide a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí á bpleanáil.

52. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-ardú gan fasach ar mhinicíocht agus ar scála na dteagmhas foircneach aeráide, athruithe ar phatrúin aimsire agus ar thubaistí nádúrtha a dhéanann dochar don oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe chomh maith le cumhacht an chultúir agus na hoidhreachta feasacht a mhúscailt agus sineirgí a ghníomhachtú ar gach leibhéal den tsochaí chun gníomhú ar son na haeráide agus IS DÍOL SÁSAIMH DI cosaint na hoidhreachta cultúrtha a áireamh i gcreat Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le hAthléimneacht Dhomhanda in aghaidh an Athraithe Aeráide.

---

[2] 14108/21
[3] EUCO 4/23